Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2019

Irish

Assessment Unit AS 2
(Section A)

assessing

Listening

[SIR21]

THURSDAY 23 MAY, AFTERNOON

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

 Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2019
Irish New Specification, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Is féidir éisteacht le Raidió Rí-Rá, an stáisiún ceoil do chainteoirí óga Gaeilge, ar aip nua a seoladh i gContae Ros Comáin inniu. Tá aip Raidió Rí-Rá ar fáil ar android ón lá inniu, saor in aisce.

Ba é an tAire Cumarsáide a sheol an aip nua i gColáiste Chiaráin tráthnóna. Dúirt an tAire go bhfuil ról lárnach ag Raidió Rí-Rá deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den tseomra ranga agus gur céim mhór chun tosaigh í an aip nua.

Bíonn Raidió Rí-Rá á chraoladh ón stiúideo atá i gceannáras Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Bíonn an stáisiún ar fáil ar líne gach lá sa tseachtain ó cheann ceann na bliana. Beidh fáil anois ar an stáisiún ar fud na tíre ar an aip nuasheolta.

Tugtar ceadúnas FM don stáisiún le cláir a chraoladh le linn Sheachtain na Gaeilge. Tá súil ag lucht bainistíochta stáisiún Raidió Rí-Rá na cláir uilig a chur ar aerthonnta FM na tíre amach anseo ach, idir an dá linn, tá siad an-sásta leis an aip nua.

Dúirt Niamh Ní Chróinín, atá ina bainisteoir ar an stáisiún, go mbíonn an meascán is fearr den tsiamsaíocht agus den cheol is úire ó na cairteacha ag Raidió Rí-Rá. Dúirt sí fosta go mbíonn gach rud á chur i láthair trí mheán na Gaeilge ag an fhoireann iontach de láithreoirí óga. Tá Raidió Rí-Rá ar lorg €1.6 milliún ón cheadúnas teilifíse leis an chéad chéim eile a thógáil. Is í an chéim sin stáisiún Gaeilge FM don aos óg a dhéanamh den stáisiún idirlín.

© Maitiú Ó Coimín ,Tuairisc.ie, 15 September 2017

2 Gortaíodh trí dhuine dhéag ar Chruach Phádraig Dé Domhnaigh seo caite agus iad ag dreapadh an tsléibhe. Tarlaíonn an oilithreacht seo ar an Domhnach deireanach de mhí lúil gach bliain agus téann an traidisiún siar breis agus míle go leith bliain. Tugtar Domhnach na Cruaiche ar an lá speisialta seo agus is gnách go meallann sé na mílte duine le tabhairt faoin dúshlán.

Go dearfa, bhí fiche míle duine ar an tsliabh Dé Domhnaigh seo caite agus dúirt urlabhraí thar ceann na seirbhísí tarrthála go raibh an aimsir go holc ar fad. Tá traidisiún ann go ndreapann na hoilithrigh an sliabh cosnocht agus is dócha gurbh é sin an fáth ar gortaíodh an oiread sin daoine.

Bhí an sliabh iontach sleamhain, de réir Sheáin Uí Néill, as Contae Mhaigh Eo, a bhíonn ag dreapadh an tsléibhe gach bliain ó bhí sé ina ghasúr. Dúirt Seán go bhfaca sé fear ina luí ar an tsliabh agus gur chuala sé gur tháinig taom croí air. B'éigean don fhear sin fanacht leis an héileacaptar chun é a thabhairt chun na hotharlainne. Thit daoine eile agus deirtear gur bhris cuid acu lámh nó cos.

Is cosúil go raibh sé ag stealladh báistí ó bhí an Aoine ann agus go raibh contúirt mhór ann i mbliana.

Tá Cruach Phádraig beagnach ocht gcéad méadar ar airde agus, cé go raibh contúirt mhór ann mar gheall ar an aimsir, d'éirigh leis an chuid is mó de na hoilithrigh barr an tsléibhe a bhaint amach. Tá séipéal beag ag barr an tsléibhe agus bíonn Aifreann speisialta ann Domhnach na Cruaiche.

Mhol na seirbhísí tarrthála do dhuine ar bith a bheadh ag dreapadh an tsléibhe as seo amach bheith cinnte go mbeadh na héadaí cearta orthu. Mhol siad go mbeadh buataisí maithe orthu, neart uisce, bia agus cóta báistí maith acu. As na daoine uilig a gortaíodh, níl ach triúr acu san otharlann go fóill.

Adapted from © Croagh Patrick: Casualties at County Mayo pilgrimage. BBC News, 31 July 2017

This is the end of the recording.